Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13867/25**

**DENLEG 52**
**FOOD 85**
**SAN 618**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D(2025) 109222 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN<br>an XXX<br>lena gceartaítear Rialachán (AE) 2024/3190 ón gCoimisiún maidir le húsáid bisfeanóil A (BPA) agus bisfeanól agus díorthach bisfeanóil eile ag a bhfuil aicmiú comhchuibhithe i leith airíonna guaiseacha sonracha in ábhair agus earraí áirithe atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/213 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2025) 109222.

---

Faoi iamh: D(2025) 109222

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2025/865
(POOL/E2/2025/865/865-EN.docx)
D109222/02
[…](2025) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena gceartaítear Rialachán (AE) 2024/3190 ón gCoimisiún maidir le húsáid bisfeanóil A (BPA) agus bisfeanól agus díorthach bisfeanóil eile ag a bhfuil aicmiú comhchuibhithe i leith airíonna guaiseacha sonracha in ábhair agus earraí áirithe atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/213**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena gceartaítear Rialachán (AE) 2024/3190 ón gCoimisiún maidir le húsáid bisfeanóil A (BPA) agus bisfeanól agus díorthach bisfeanóil eile ag a bhfuil aicmiú comhchuibhithe i leith airíonna guaiseacha sonracha in ábhair agus earraí áirithe atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/213**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le hábhair agus earraí atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia agus lena n- aisghairtear Treoracha 80/590/CEE agus 89/109/CEE[1], agus go háirithe Airteagal 5(1), pointí (a), (h) agus (i) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/3190 ón gCoimisiún[2], leagtar síos rialacha maidir le húsáid bisfeanóil A (BPA) agus bisfeanól agus díorthach bisfeanóil eile ag a bhfuil aicmiú comhchuibhithe i leith airíonna guaiseacha sonracha in ábhair agus earraí áirithe atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia.

(2) Tá neamhréireanna agus earráidí áirithe sa Rialachán sin, ar neamhréireanna agus earráidí iad atá tábhachtach chun feidhmiú ceart an Rialacháin a áirithiú.

(3) In Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2024/3190, tá an tagairt do 'BPA agus a shalainn' ar neamhréir leis an sainmhíniú ar 'bisfeanól' a leagtar síos in Airteagal 2(2)(c) den Rialachán sin, lena n-áirítear foirm shalainn an bhisfeanóil, agus leis an gcuid eile den téacs nach dtagraíonn ach do 'BPA'. Dá bhrí sin, ba cheart na focail 'agus a shalainn' a scriosadh ó Airteagal 3.

(4) Is é is aidhm d'Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) 2024/3190 maolú a sholáthar ar an toirmeasc a leagtar síos in Airteagal 3(1) den Rialachán sin ar BPA a úsáid i monarú na n-ábhar agus na n-earraí bia-thadhaill dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán sin agus ar ábhair agus earraí bia-thadhaill den sórt sin a mhonaraítear trí úsáid BPA a chur ar mhargadh an Aontais. Ar an gcúis sin agus ar mhaithe le comhsheasmhacht le

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le hábhair agus earraí atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia, IO L 338, 13.11.2004, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/1935/oj.

[2] Rialachán (AE) 2024/3190 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2024 maidir le húsáid bisfeanóil A (BPA) agus bisfeanól agus díorthach bisfeanóil eile ag a bhfuil aicmiú comhchuibhithe i leith airíonna guaiseacha sonracha in ábhair agus earraí áirithe atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/213, IO L, 2024/3190, 31.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/3190/oj.

hAirteagal 3(1), ba cheart tagairt a dhéanamh freisin in Airteagal 3(2) do na hábhair agus na hearraí bia-thadhaill sin a chur ar mhargadh an Aontais.

(5) Is é is aidhm d'Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) 2024/3190 a áirithiú go n-úsáidfear modh iomchuí anailíse chun comhlíonadh Airteagal 4 den Rialachán sin a chinneadh. Ós rud é go dtoirmisctear le hAirteagal 4 'iarmhar BPA' a bheith i láthair, ba cheart tagairt a dhéanamh in Airteagal 9(2)(c) den Rialachán sin freisin do 'iarmhar BPA'.

(6) Mar a mhínítear in aithrisí 16 agus 17 de Rialachán (AE) 2024/3190, is é is aidhm d'Airteagal 11 den Rialachán sin forálacha idirthréimhseacha a sholáthar maidir le hearraí deiridh aon úsáide bia-thadhaill a chur ar an margadh den chéad uair. Ós rud é, áfach, go ndéantar tagairt go mícheart in Airteagal 11 d'ábhair bia-thadhaill 'a chuirtear ar an margadh', ba cheart é a cheartú. Ar chúiseanna comhsheasmhachta, ba cheart aithris 18 de Rialachán (AE) 2024/3190 a cheartú freisin.

(7) Is é is aidhm d'Airteagal 12(3) de Rialachán (AE) 2024/3190 foráil a dhéanamh maidir le hearraí deiridh athúsáide bia-thadhaill, a cuireadh ar an margadh den chéad uair i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 den Airteagal sin, fanacht ar an margadh ar feadh uastréimhse 12 mhí, chun go mbeidh gnólachtaí in ann na hearraí bia-thadhaill sin a chur ar aghaidh chuig custaiméirí, mar a mhínítear in aithris 22 den Rialachán sin. Ós rud é go bhfuil deireadh na hidirthréimhse d'earraí bia-thadhaill i mír 1 éagsúil le deireadh na hidirthréimhse d'earraí bia-thadhaill i mír 2, níl feidhm ag an dáta sonraithe an 20 Eanáir 2029 ach amháin maidir le hearraí a chuirtear ar an margadh den chéad uair i gcomhréir le mír 2. Dá bhrí sin, ba cheart dáta breise, an 20 Iúil 2027, a leagan amach in Airteagal 12(3) le haghaidh na n-earraí bia-thadhaill dá dtagraítear i mír 1 agus a chuirtear ar an margadh den chéad uair faoin 20 Iúil 2026.

(8) Leis an bhfoclaíocht atá ann faoi láthair i bpointe 3 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/3190, ní mór ábhair idirmheánacha bia-thadhaill agus earraí deiridh bia-thadhaill araon a shainaithint sa dearbhú comhlíontachta, rud a d'fhéadfadh fadhbanna rúndachta a chruthú d'oibreoirí gnó. Mar sin féin, mar a mhínítear in aithris 14 den Rialachán sin, is é an aidhm atá ann céannacht na n-ábhar agus na n-earraí bia-thadhaill a cheangal idir gnólacht amháin agus gnólacht eile. Dá bhrí sin, ba cheart an fhoclaíocht a cheartú chun a cheangal go luafar céannacht an ábhair idirmheánaigh bia thadhaill nó an earra deiridh bia-thadhaill a n-eisítear an dearbhú comhlíontachta ina leith.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2024/3190 a cheartú dá réir.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ceartaítear Rialachán (AE) 2024/3190 mar a leanas:

(1) i bpointe 18, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú habairt:

'Dá bhrí sin, ionas go mbeidh dóthain ama ann chun úsáidí na gcineálacha pacáistithe sin a mhéadú de réir scála tráchtála agus chun cur amú bia a sheachaint, is iomchuí cead a thabhairt earraí bia-thadhaill deiridh a chur ar an margadh den chéad uair le linn tréimhse 36 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, arb earraí

iad ina n-úsáidtear vearnaisí agus brait arna monarú le BPA, go sonrach i gcás an phacáistithe a úsáidtear chun torthaí, glasraí agus táirgí éisc próiseáilte a leasú.'

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

'*Airteagal 3*

*Toirmeasc ar BPA a úsáid*

1. Tá toirmeasc ar BPA a úsáid i monarú ábhar agus earraí bia-thadhaill dá dtagraítear in Airteagal 1(2) agus ar ábhair agus earraí bia-thadhaill arna monarú trí úsáid BPA a chur ar mhargadh an Aontais.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfar BPA a úsáid i monarú ábhar agus earraí bia-thadhaill le haghaidh úsáid shonrach agus ceadaítear ábhair agus earraí bia-thadhaill den sórt sin a chur ar mhargadh an Aontais i gcomhréir le hIarscríbhinn II, faoi réir na srianta a leagtar síos inti.'.

(3) in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

2. Maidir le roghnú na modhanna a úsáidtear chun a fhíorú nach bhfuil iarmhar BPA , bisfeanól guaiseach nó díorthach bisfeanóil guaiseach eile in ábhar nó earra bia-thadhaill, nó nach scaoileann sé na substaintí sin isteach i mbia os cionn na teorann sonraithe braite nó na teorann ascnaimh shonraigh, tá feidhm ag na rialacha breise seo a leanas:

(a) i gcás ina mbeidh modh forbartha nó molta ag Saotharlann Tagartha an Aontais Eorpaigh ('EURL') le haghaidh ábhair bia-thadhaill, úsáidfear an modh sin;

(b) beidh teorainn braite 1 μg/kg i gceist le modh ach amháin i gcás ina leagfar teorainn braite dhifriúil amach in Iarscríbhinn II, nó mar chuid den mhodh a mholtar i gcomhréir le pointe (a);

(c) chun a fhíorú nach bhfuil iarmhar BPA, bisfeanól guaiseach nó díorthach bisfeanóil guaiseach eile in ábhar nó earra bia-thadhaill, úsáidfear modh eastósctha.'.

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

'*Airteagal 11*

*Forálacha idirthréimhseacha a bhaineann le hearraí deiridh aon úsáide bia-thadhaill*

1. Maidir le hearraí deiridh aon úsáide bia-thadhaill a mhonaraítear trí úsáid BPA agus a chomhlíonann na rialacha mar is infheidhme roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, arb earraí iad nach gcomhlíonann na rialacha atá sa Rialachán seo, féadfar iad a chur ar an margadh den chéad uair go dtí an 20 Iúil 2026.

2. De mhaolú ar mhír 1, maidir leis na hearraí seo a leanas, arb earraí deiridh aon úsáide bia-thadhaill iad a chomhlíonann na rialacha de réir mar is infheidhme roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, nach gcomhlíonann na rialacha atá sa Rialacháin seo, féadfar iad a chur ar an margadh den chéad uair go dtí an 20 Eanáir 2028:

(a) earraí deiridh aon úsáide bia-thadhaill a bheartaítear chun na hearraí bia seo a leanas a leasú:

(i) torthaí nó glasraí, gan táirgí a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2001/112/CE ón gComhairle a áireamh ([13]); nó

(ii) táirgí iascaigh mar a shainmhínítear le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]);

(b) earraí deiridh aon úsáide bia-thadhaill nár cuireadh vearnais nó bratú, arna monarú trí úsáid BPA, orthu ach ar an dromchla miotail lasmuigh.

3. Earraí deiridh aon úsáide bia-thadhaill a chuirtear ar an margadh den chéad uair i gcomhréir le míreanna 1 agus 2, féadfar iad a líonadh le bia agus a shéalú le linn an 12 mhí tar éis dhul in éag na hidirthréimhse is infheidhme. Féadfar an bia pacáistithe a bheidh ann dá thoradh sin a chur ar an margadh go dtí go n-ídeofar na stoic.'.

(5) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'Maidir le hearraí bia-thadhaill deiridh athúsáide a cuireadh ar an margadh den chéad uair i gcomhréir le mír 1, féadfaidh siad a bheith ar an margadh fós go dtí an 20 Iúil 2027. Maidir le hearraí bia-thadhaill deiridh athúsáide a cuireadh ar an margadh den chéad uair i gcomhréir le mír 2, féadfaidh siad a bheith ar an margadh fós go dtí an 20 Eanáir 2029 ar a dhéanaí.'.

(6) in Iarscríbhinn III, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:

'(3) céannacht na n-ábhar idirmheánacha bia-thadhaill agus na n-earraí deiridh bia-thadhaill;'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*